Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9439/24**

**DUAL USE 39**
**POLCOM 203**
**COMER 87**
**RECH 254**
**ENER 255**
**ENV 557**
**CFSP/PESC 650**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPáipéar Bán maidir le Rialuithe Onnmhairiúcháin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPáipéar Bán maidir le hOnnmhairiú, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4030ú cruinniú dá cuid.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

### maidir leis an bPáipéar Bán maidir le Rialuithe Onnmhairiúcháin

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ AICI

A. An Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle maidir le Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch an 20 Meitheamh 2023[1].

B. D’fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Páipéar Bán maidir le Rialuithe Onnmhairiúcháin an 24 Eanáir 2024[2] i gcomhthéacs pacáiste cuimsitheach trádála, infheistíochta agus taighde mar chuid de sheoladh Straitéise Eorpaí um an tSlándáil Eacnamaíoch, lena n-áirítear

anailís an Choimisiúin Eorpaigh ar chóras rialaithe onnmhairí reatha an Aontais le haghaidh earraí a bhfuil úsáid shibhialta agus mhíleata ag baint leo (earraí dé-úsáide), ar mhaithe leis an tslándáil idirnáisiúnta a chaomhnú agus leasanna slándála an Aontais a chosaint i gcomhthéacs forbairtí geopholaitiúla; na dúshláin atá ann cheana mar a shainaithin an Coimisiún Eorpach iad agus an aidhm atá aige tús a chur le plé maidir le héifeachtacht chóras rialaithe onnmhairí reatha an Aontais a fheabhsú; agus

na ceithre ‘freagraí atá beartaithe’ sa Pháipéar Bán maidir le Rialuithe Onnmhairiúcháin a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach gníomhaíocht a mholadh ina leith sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma araon.

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR AN MÉID SEO A LEANAS

A. Is uirlis bhunúsach é an rialú onnmhairí sin le haghaidh earraí dé-úsáide chun an tsíocháin agus an chobhsaíocht idirnáisiúnta a áirithiú.

---

[1] 10919/23
[2] 5859/24

Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go gcomhlíonfar gealltanais agus freagrachtaí idirnáisiúnta na mBallstát agus an Aontais, go háirithe maidir le neamhleathadh, síocháin réigiúnach, slándáil agus cobhsaíocht agus urraim do chearta an duine agus don dlí daonnúil idirnáisiúnta.

B. A thábhachtaí atá tiomantas na mBallstát do na Córais Iltaobhacha Rialaithe Onnmhairí, agus iad ag seasamh lena ngníomhaíochtaí lena dtacaítear le cur chuige iltaobhach leanúnach maidir le rialú onnmhairí agus le feidhmiú na gcóras sin a neartú, rud atá ríthábhachtach chun leathadh arm ollscriosta agus a gcóras seachadta a chosc agus chun carnadh míchuibhiúil gnáth-arm a sheachaint agus chun an tsíocháin idirnáisiúnta a chur chun cinn.

C. Is éifeachtaí an rialú onnmhairí sin nuair a chuirtear i bhfeidhm go hiltaobhach é agus cothrom iomaíochta á choinneáil ar bun san am céanna, agus oscailteacht agus timpeallacht fhabhrach á gcothú don taighde agus don nuálaíocht.

D. An gá atá le leas iomlán a bhaint as na hionstraimí atá ann cheana chun onnmhairiú earraí dé-úsáide a rialú, i ndáil le hinniúlachtaí agus freagrachtaí an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, lena neartófar an obair leanúnach chun Rialachán (AE) 2021/821[3] maidir le hÍtimí Dé-Úsáide a chur chun feidhme go hiomlán.

E. Tábhacht agus tosaíocht an chomhordaithe i measc na mBallstát maidir le Rialachán (AE) 2021/821 a chur chun feidhme go hiomlán, agus ról an Choimisiúin Eorpaigh chun an comhordú sin a éascú, go háirithe maidir le cruinnithe de chuid an 'Grúpa Comhordúcháin maidir le Dé-Úsáid Airteagal 24', cruinnithe de chuid 'Sásra um Chomhordú Forfheidhmithe Airteagal 25(2)' agus cruinnithe gaolmhara de ghrúpaí saineolaithe teicniúla a eagrú; agus an 'Córas leictreonach Dé-Úsáide' a thacaíonn le comhar díreach agus malartú faisnéise idir na Ballstáit mar a fhoráiltear faoi Airteagal 23(6) de Rialachán (AE) 2021/821.

---

[3] Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (athmhúnlú) – *IO L 206, 11.6.2021, lgh. 1-461*.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á ADMHÁIL AICI

A. Go bhfuil dúshláin nua ag baint le timpeallacht gheopholaitiúil athraitheach, lena n-áirítear i réimse an rialaithe onnmhairí, fiú gan aontú tuilleadh plé a dhéanamh sa Chomhairle maidir le hanailís an Pháipéir Bháin ar an gcóras idirnáisiúnta rialaithe onnmhairí nó gan bac a chur ar thuilleadh plé.

B. Sainordú Mheitheal na Comhairle um Earraí Dé-Úsáide mar fhóram ainmnithe beartais don phlé maidir le rialú onnmhairí dé-úsáide i dtionól na Comhairle agus an obair a rinne Meitheal na Comhairle um Earraí Dé-Úsáide tar éis fhoilsiú an Pháipéir Bháin maidir le Rialuithe Onnmhairiúcháin.

C. Go mbaineann na conclúidí thíos go sonrach leis na 'Freagraí atá Beartaithe' sa Pháipéar Bán maidir le Rialuithe Onnmhairiúcháin agus go bhfuil siad gan dochar d'aon tuairimí uileghabhálacha ón gComhairle maidir le Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch agus an ról atá ag rialú onnmhairí inti.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, anailís bhreise a dhéanamh, gan dochar do cheart tionscnaimh an Choimisiúin, ar an bhféidearthacht atá ann Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/821[4] a úsáid mar bhonn do Ghníomh Tarmligthe ón gCoimisiún chun earraí nua a thabhairt isteach go sealadach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 mar léiriú ar na gealltanais ar ghlac na Ballstáit leo faoi chuimsiú na gCóras Iltaobhach Rialaithe Onnmhairí mar chomhaltaí de na córais sin.

2. MEASANN SÍ go bhfuil leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 trí bhíthin gnáthnós imeachta reachtach chun míreanna nua a chur isteach ar bhonn sealadach mí-oiriúnach chun gealltanais idirnáisiúnta arna ndéanamh ag na Ballstáit mar thaca leis na Córais Iltaobhacha Rialaithe Onnmhairí a léiriú ar bhealach éifeachtúil agus inbhuanaithe.

---

[4] Úsáidtear Airteagal 17 faoi láthair le haghaidh na leasuithe tréimhsiúla ar Iarscríbhinn I chun na rialuithe a comhaontaíodh sna Córais Iltaobhacha Rialaithe Onnmhairí nó iad sin a eascraíonn as na conarthaí idirnáisiúnta ábhartha a chorprú. Tá an anailís a iarradh gan dochar don úsáid reatha sin.

3. MEABHRAÍONN SÍ gurb í Meitheal na Comhairle um Earraí Dé-Úsáide an fóram ar chuir an Chomhairle de chúram uirthi obair na Comhairle a ullmhú agus treoir bheartais a chur ar fáil i réimse an bheartais maidir le rialú onnmhairí dé-úsáide agus ábhair ghaolmhara.

4. MOLANN SÍ d'Uachtaránacht na Comhairle leas iomlán a bhaint as Meitheal na Comhairle um Earraí Dé-Úsáide, lena n-áirítear trí chruinnithe tréimhsiúla ardleibhéil den mheitheal a eagrú maidir leis na príomh-shaincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas rialaithe onnmhairí, i gcás inar gá, i bhformáid shlán rúnda, agus trí thuairisciú do Coreper agus don Chomhairle, de réir mar is iomchuí.

5. LEAGANN SÍ BÉIM AIR gur inniúlacht de chuid na mBallstát i gcónaí iad rialuithe náisiúnta agus gur ionstraim iad chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir leis an tslándáil náisiúnta, agus, dá bhrí sin, gur cheart go mbeadh aon Mholadh maidir le comhordú deonach na liostaí náisiúnta rialaithe gan dochar do chumas an Bhallstáit gníomhú mar fhreagairt ar ábhair imní maidir leis an tslándáil náisiúnta, gur cheart difríochtaí i gcórais dlí na mBallstát a chur san áireamh ann, agus gur cheart aird a thabhairt ar na hiarmhairtí ar an ualach riaracháin.

6. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá comhordú i measc na mBallstát chun cur chun feidhme iomlán agus éifeachtach Rialachán (AE) 2021/821 a áirithiú go sonrach maidir le liostaí náisiúnta rialaithe a ghlacadh.

7. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar cruinnithe leordhóthanacha a phleanáil mar a fhoráiltear faoi Airteagail 24 agus 25(2) de Rialachán (AE) 2021/821, ionas gur féidir comhordú éifeachtúil a dhéanamh idir na Ballstáit i gcur chun feidhme agus i bhforfheidhmiú Rialachán (AE) 2021/821, a dhéine agus a mhinice is gá, agus ar bhealach slán rúnda.

8. TÁ SÍ AG SÚIL LE hoibriú i dtreo ghlacadh an Mholta ón gCoimisiún agus ón gComhairle maidir le comhordú níos fearr a dhéanamh ar na Liostaí Náisiúnta Rialaithe i gcomhréir le hAirteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2021/821, agus na conclúidí maidir le téarmaíocht na liostaí náisiúnta rialuithe ar thángthas orthu i Meitheal na Comhairle um Earraí Dé-Úsáide, agus ionchuir eile ón mBallstát, á gcur san áireamh.

9. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, thar aon ní eile, Rialachán (AE) 2021/821 a chur chun feidhme agus leas iomlán a bhaint as na hionstraimí atá ar fáil cheana chun onnmhairí dé-úsáide a rialú.

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an togra ón gCoimisiún maidir le huainiú na meastóireachta ar Rialachán (AE) 2021/821 maidir le hítimí dé-úsáide a thabhairt chun cinn agus measann sí gur cheart tús áite a thabhairt do chur chun feidhme an Rialacháin, á mheabhrú di go bhfuil roinnt forálacha agus uirlisí fós le húsáid nó á dtástáil faoi láthair.

11. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ról a thabhairt do na Ballstáit maidir le téarmaí tagartha an staidéir a thacaíonn leis an meastóireacht a bhunú.

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an Chomhairle a choinneáil ar an eolas faoi chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear trí thuairisciú do chomhlachtaí ullmhúcháin iomchuí na Comhairle agus trí aiseolas a lorg uathu, Meitheal na Comhairle um Earraí Dé-Úsáide, mar shampla.